

# COMHAD FÍRICÍ: EALAÍONA ÍOMHÁ GLUAISTE GCSE



## Cleachtas agus Comhthéacsanna Tionscail: Ról Ghairmiúla

### Torthaí Foghlama

Ba chóir do dhaltaí a bheith ábalta:  
Na ról agus na freagrachtaí a bhaineann leis na gairmithe scannán seo a leanas a mhíniú:

- stiúrthóir;
- scríbhneoir scripte;
- léiritheoir;
- dearthóir léiriúcháin;
- oibreoir ceamara;
- stiúrthóir grianghrafadóireachta/ cineamatagrafadóir;
- dearthóir fuaime; agus
- eagarthóir.

### Inneachar an Chúrsa

#### Stiúrthóir:

Is é an Stiúrthóir atá freagrach as an chuma, an ton agus an mhothú atá ar scannán agus caithfidh an Stiúrthóir bheith ag obair leis an chliar agus an fhoireann lena spriocanna cruthaitheacha agus teicniúla a bhaint amach. Le linn réamhléirithe, ní mór do Stiúrthóir:

- cliar na n-aisteoirí a roghnú;
- cumarsáid a dhéanamh le cinn roinne mar Chineamatagrafadóirí agus Dearthóirí Léiriúcháin lena chinntiú go bhfuil siad uilig ag obair i dtreo na spriocanna cruthaitheacha céanna leis an stiúrthóir; agus
- liostaí seatanna agus script scannánaíochta a chruthú.

Le linn Príomh – Scannánaithe ní mór do Stiúrthóir:

- na haisteoirí a stiúradh ionas go bhfuil a gcuid aisteoireachta comhsheasmhach agus fóirsteanach don chineál scéil atá á insint (b'fhéidir go mbeadh ar Stiúrthóir scannán grinn na haisteoirí a stiúradh le haisteoireacht níos áibhéilí a dhéanamh, mar shampla);
- bheith ag obair le cinn roinne lena chinntiú go bhfuil gach duine ag obair le chéile leis an chuma cheart agus an ton cheart a chruthú don scannán; agus
- cloí leis an sceideal léiriúcháin chomhaontaithe ionas nach rachadh an scannán thar bhuiséad agus go gcuirfí i gcrích é taobh istigh den tréimhse ama a comhaontaíodh leis an Léiritheoir.

Le linn Iarléirithe ní mór do stiúrthóir:

- bheith ag obair leis an Eagarthóir ar leagan críochnaithe an tionscnaimh; agus
- teagmháil leanúnach a dhéanamh leis an Stiúrthóir Grianghrafadóireachta (SG) maidir le cuma na cineamatagrafaíochta agus í críochnaithe. Sa chuid is mó de na cásanna, beidh cumarsáid idir an SG agus an stiúrthóir maidir le grádú deiridh datha an scannáin.

### Scríbhneoir scrípte:

Tá an Scríbhneoir scrípte freagrach as an scrípt scannáin a scríobh. Scríobhfaidh an Scríbhneoir scrípte an scrípt don scannán, agus é ag obair leis féin nó b'fhéidir le scríbhneoir eile. Déanfaidh an scrípt breac-chuntas ar scéal an scannáin agus beidh an t-aicsean, na hathruithe radhairc, na carachtair agus an dialóg uilig inti.

In amanna, scríobhfaidh Scríbhneoir scrípte scrípt scannáin úrnua amhantrach nó Script Amhantrach, is é sin le rá, cumfaidh sé nó sí smaoineamh úrnua do scannán agus scríobhfaidh scrípt úrnua le súil is go mbeidh sé/sí ábalta í a dhíol le stiúideo nó le léiritheoir. An scannán clasaiceach buachaillí bó, *Butch Cassidy & The Sundance Kid* (1968), mar shampla, thosaigh sé mar scrípt amhantrach a scríobh William Goldman le súil go mbeadh sé ábalta í a dhíol.

In amanna, áfach, déanfaidh léiritheoir nó stiúideo Scríbhneoir scrípte a choimisiúnú le scrípt scannáin a scríobh bunaithe ar smaoineamh a bhí ann roimhe sin. An scannán *Psycho* (1960), de chuid Alfred Hitchcock, mar shampla, tharla sin nuair a cheannaigh Hitchcock cearta scannánaíochta ar úrscéal a bhí ann cheana agus ansin d'fhostaigh sé scríbhneoir scrípte aitheanta, Joseph Stefano, leis an úrscéal a chur in oiriúint don scáileán.

Is féidir scríbhneoirí scrípte úra a fháil in áit scríbhneoirí eile agus scannán á dhéanamh nó le linn réamhléiriú scannáin. Is minic ar toradh í scrípt chríochnaithe ar a lán dréachtaí a rinne a lán scríbhneoirí. Nuair a oibríonn scríbhneoirí le chéile mar fhoireann ar dhréacht, beidh a n-ainm luaite sna creidiúintí ag deireadh an scannáin ag úsáid na siombaile '&'. Nuair a oibríonn siad ar leithligh ar dhréachtaí leantacha bainfear úsáid as an fhocal '*and*' ina áit sin.

Mar shampla, baineadh úsáid as dhá fhoireann scríbhneoirí agus an scannán *Ant-Man* (2015) á dhéanamh sular bhain sé an scáileán amach. Is mar seo atá na creidiúintí deiridh scrípte:

"Screenplay by Edgar Wright & Joe Cornish and Adam McKay & Paul Rudd." Agus muid ag léamh na gcreidiúintí sin, mar sin, is léir gur scríobh Wright & Cornish an bundréacht nó na bundréachtaí den scrípt sular tugadh an obair sin do pháirtíocht eile.

In amanna, tabharfar scríbhneoir scrípte isteach le 'snas' a chur ar scrípt. Is gnách 'Dochtúir scrípte' a thabhairt ar scríbhneoir scrípte atá ag obair ar an dóigh sin. Tugtar 'snasú scrípte' ar an obair athscríofa a dhéanann sé agus ní gnách é a lua sna teidil chreidiúna. An stiúrthóir George Lucas, mar shampla, cé go bhfuil an chreidiúint aige go fóill mar an t-aon scríbhneoir do *Star Wars: Episode III – Revenge of the Sith*, le fírinne d'fhostaigh sé an drámadóir clúiteach Sir Tom Stoppard le cuidiú le dialóg an scannáin a fheabhsú.

### Léiritheoir:

Cruthaíonn an Léiritheoir na dálaí cearta le scannáin a dhéanamh. Is é an Léiritheoir a thosaíonn, a dhéanann maoirseacht agus a rialaíonn léiriú iomlán an scannáin. Ní mór don Léiritheoir:

- buiséad a shocrú don scannán;
- an mhaoín a bhailiú atá de dhíth leis an tionscnamh a dhéanamh agus le dea-chaidrimh a chothabháil lena phríomh-mhaoinitheoirí tríd síos agus an scannán á dhéanamh;
- an buiséad agus an sceideal foriomlán a bhainistiú lena chinntiú go gcuirtear an scannán ar fáil in am agus taobh istigh den bhuiséad chomhaontaithe;
- pearsanra riachtanach a fhostú; agus
- díolacháin agus dáileachán an táirge chríochnaithe a shocrú.

Bíonn an Léiritheoir bainteach le gach céim den phróiseas scannánaíochta ó luathfhorbairt scrípte go dtí críoch deiridh tionscnaimh. Tá freagracht fhoriomlán acu as gnéithe dleathacha, airgeadais agus eagraíochtúla an scannáin.

### Dearthóir Léiriúcháin:

Agus an Dearthóir Léiriúcháin ag obair faoi mhaoriseacht an Stiúrthóra, cumann sé, forbraíonn sé agus bíonn sé i gceannas ar dheardh foriomlán an léiriúcháin.

Aon rud a bheas le feiceáil os comhair an cheamara, is é sin freagracht an Dearthóra Léiriúcháin. Tá ról ollmhór ag an Dearthóir Léiriúcháin i gcuma fhoriomlán scannáin.

Agus scannán á dhéanamh, ní mór don Dearthóir Léiriúcháin na rudaí seo a leanas a dhéanamh:

- feidhmiú mar mhaoriseoir do Roinn na Gruaige, Roinn an Smidh agus Roinn an Fheistis;
- dul i gcomhairle le Roinn na gCeamaraí, Roinn na hEalaíne, agus Roinn na Maisíochtaí Speisialta maidir le heilimintí aonair agus le cuma fhoriomlán an scannáin;
- comhordú a dhéanamh ar obair an Dearthóra Feistis agus na dteicneoirí físiúla eile (mar shampla, na healaíontóirí maisíúcháin speisialta) ionas go bhfuil siad ag teacht le spriocanna cruthaitheacha an SG agus an Stiúrthóra.

D'fhéadfadh na dualgais eile seo a bheith i gceist:

- luathfhorbairt a dhéanamh ar chláir dhearcadh agus ar chláir thobsmainte do charachtair, do shuíomhanna, do radhairc, srl; agus
- maoirseacht a dhéanamh ar chruthú sheichimh na dteideal agus na gcreidiúintí.

### Oibreoir Ceamara:

Tá Oibreoirí Ceamara freagrach as trealamh ceamara a oibriú agus as treoracha an Stiúrthóra Grianghrafadóireachta agus an Stiúrthóra a leanúint maidir le frámáil, blocáil agus comhdhéanamh. Le linn scannánaíochta, bíonn Oibreoirí Ceamara freagrach as gach gné d'oibriocht na gceamaraí. Agus Oibreoir Ceamara i mbun oibre, saorann sin an SG le díriú ar shoilsiú agus ar stíl fhoriomlán fhísiúil an scannáin.

Is é an tOibreoir Ceamara an duine is túisce ar an tseit a úsáideann súil-lionsa an cheamara nó fismhonatóir cúnta. Ní mór dó nó di bheith ag measnú agus ag luacháil i rith an ama an chuma a bheidh ar na heilimintí uilig le chéile ar an scáileán amhail soilsiú, dearadh seit agus aisteoireacht. Má tá fadhb ann le téic, le heilimint mise-en-scène nó le cur i dtreo molta, is é an tOibreoir Ceamara a fheicfidh é ar dtús, de ghnách.

Is gnách go dtosaíonn obair Oibreoir Ceamara le linn céimeanna deireanacha den réamhléiriú. Sula dtosaítear ar an scannán a scannánú, beifear ag dúil leo freastal ar réamhchuartheanna teicniúla le Cinn Roinne eile. Is é a bheadh i gceist leis seo, b'fhéidir, ná taisteal chuig suíomhanna roimh an scannánú nó cuidiú leis an SG píosaí tástála scannánaíochta a fháil d'eilimintí áirithe níos casta. Más léir aon fhadhbanna teicniúla le linn réamhléirithe beidh deis ag an Oibreoir Ceamara agus an SG smaoineamh ar réitigh agus iad a thriail.

Seachas bheith ag obair leis an SG, caithfidh siad bheith ag obair go dlúth leis an ghiolla ceamara, teicneoir ceamara atá i mbun gluaiseachtaí ceamara agus feistí ceamara. Bíonn an tOibreoir freagrach fosta as maoirseacht a dhéanamh ar bhaill shóisearacha den fhoireann cheamara amhail an Chéad Chúntóir Ceamara (1st AC).

An Dara Cúntóir Ceamara (2nd AC) agus an Focasóir, an ball den fhoireann cheamara atá freagrach as fócas a choigeartú. Le linn an scannánaithe féin, i ndiaidh don Stiúrthóir agus don SG cleachtadh a dhéanamh agus na seatanna atá uathu a bhlocáil, cinnteoidh an tOibreoir Ceamara agus an SG suíomh an cheamara agus socróidh siad cé acu lionsaí agus trealamh tacaíochta a úsáidfidh siad.

Caithfidh Oibreoirí Ceamara a chinntiú i dtólamh go bhfuil ceamaraí agus trealamh tacaíochta eile ullmhaithe do na socrúithe riachtanacha agus caithfidh siad a bheith ábalta oiriúnú a dhéanamh do thosca athraitheacha.

### Cineamatagrafadóir/Stiúrthóir Grianghrafadóireachta (SG):

An Cineamatagrafadóir, ar a dtugtar an Stiúrthóir Grianghrafadóireachta nó SG (DP) mar ghiorrúchán fosta, is é seo an ball foirme a dhéanann maoirseacht ar an cheamara agus ar an tsoilsiú. Is é an SG atá freagrach as cuma agus dearadh an scannáin ina iomláine. Is é atá i gceist leis seo ná bheith ag obair leis an Stiúrthóir le linn Réamhléiriú agus cinntiú a dhéanamh ar an dóigh ar chóir an script a scannánú.

B'fhéidir go mbeadh roinnt scannánú tástála i gceist lena fháil amach an gcruthóidh roinnt cineálacha lionsaí, stíleanna soilithe nó formáidí scannáin an t-atmaisféar nó an éifeacht atá beartaithe.

Le linn léirithe, beidh an SG ag déanamh maoirseacht ar gach gné den chineamatagrafaíocht.

Is féidir le SG tionchar ollmhór a imirt ar chuma agus ar mhothú scannáin agus téann cuid acu féin ar aghaidh le bheith ina stiúrthóirí.

Baineann dualgais an SG fosta leis an iarléiriú mar a mbeidh sé ag obair lena chinntiú go ndéantar leibhéal datha, ghile agus chodarsnachta an scannáin chríochnaithe a choigeartú le cuidiú le feabhas a chur ar chuma an scannáin. Grádú a thugtar ar an phróiseas seo.

### Dearthóir Fuaim:

Oibríonn Dearthóir Fuaim ar an leagan chríochnaithe de scannán, agus ceapann sé uigeachtaí úra fuaim agus cuireann leis an scannán iad. Is ról é nach mbíodh luaite sna teidil chreidiúna roimhe seo. An chuid is mó de na scannáin roimh na 1970idí, taifeadadh go monafónach iad agus ní raibh meascáin chasta fuaimanna de dhíth orthu.

Forbairtí ar an teicneolaíocht fuaim amhail teacht chun cinn fuaim steiréafónach ard-dílseachta, thug siad níos mó rianta fuaim do dhéantóirí scannáin a thriail agus gá le húsáid níos mó a bhaint as féidearthachtaí fuaim níos leithne.

Chuidigh Ben Burt, an dearthóir fuaim ar na chéad scannáin *Star Wars*, le mothú den chruinne sin a chruthú trí úsáid úr a bhaint as fuaimanna ón fhíorshaol a bhí taifeadta aige agus iad a chur le chéile go cliste. Mar shampla, an fhuaim íocónach a dhéanann an marc-chlaíomh solais, cruthaíodh sin trí fhuaim ó theilgeoir scannáin a chur le chéile le fuaim aischothú leictreach a taifeadadh ó chúl sean-teilifiseáin.

### Eagarthóir:

Oibríonn an tEagarthóir go dlúth leis an Stiúrthóir leis na hamhphíosá scannánaíochta a mhúnlú ina n-iomlán comhsheasmhach. Is é an obair atá acu a chinntiú go sreabhann scéal an scannáin go comhsheasmhach ó thús go deireadh agus caithfidh siad amharc ar na píosaí scannánaíochta uilig a taifeadadh leis na téiceanna is fearr le húsáid a shainnithint agus mar sin de agus caithfidh siad na píosaí scannánaíochta seo uilig a logáil sula dtig leo tosú ar an scannán a ghearradh agus a mhúnlú.

I measc na ndualgas eile atá aige, tá:

- píosaí scannánaíochta a iompórtáil;
- cúlta de phíosá scannánaíochta taifeadta a chruthú; agus
- píosaí scannánaíochta a easpórtáil.

D'fhéadfadh freagrachtaí breise a bheith aige fosta, mar theidil chreidiúna, maisiúcháin iarléirithe agus cumasc. B'fhéidir go mbeadh eagarthóirí ag obair i ról maoirseachta le linn socrú ceoil agus fuaimrianta agus meascadh fuaim ina dhiaidh sin.

Is minic a bhíonn an tEagarthóir ag obair go dlúth leis an Stiúrthóir le linn réamhléirithe, le cinneadh a dhéanamh ar an dóigh is fearr a dtig leis an phróiseas eagarthóireachta an scéal a insint.

Mar shampla, b'fhéidir go mbeadh eagarthóir ag áitiú ar an stiúrthóir roinnt radharc a scannánú ó roinnt uillinneacha difriúla ionas gur féidir stíl áirithe eagarthóireachta a bhaint amach.

Caithfidh eagarthóirí a bheith feasach fosta ar chaighdeáin theicniúla na bpíosaí scannánaíochta a fhaigheann siad. Má tá fabht teicniúil ar sheat nó ar radharc tábhachtach nár tugadh faoi deara, b'fhéidir go mbeadh ar an Eagarthóir an stiúrthóir a chur ar an eolas ionas gur féidir an píosa scannáin seo a athscannánú.

Ós rud é go ndéantar radhairc a scannánú agus a chur in eagar de ghnáth as seicheamh, b'fhéidir go mbeadh Eagarthóirí ag obair ar radhairc ó dheireadh an scannáin roimh na cinn ag an tús nó sa lár a ghearradh. Mar gheall air seo, ní mór dóibh tuiscint shoiléir a bheith acu ar an script agus ar an scéal agus tuiscint dhea-shaothraithe ar luas an aicsin.

Roghnaíonn eagarthóirí na téiceanna is fearr agus déanann siad iad a chur in eagar le chéile le radhairc a chruthú ach tá níos mó i gceist leis seo ná na téiceanna is éifeachtaí a roghnú agus iad a spladhsáil le chéile. I gcásanna áirithe, b'fhéidir go ndéanfaí pointe fócais úr an radhairc de líne sheiftithe nó de ghné den aisteoireacht nach raibh pleanáilte, agus is féidir gurb é an tEagarthóir a mholfaidh seo sa chéad dul síos.

Le linn iarléirithe, bíonn an tEagarthóir agus an Stiúrthóir ag obair go dlúth lena chéile, agus iad ag iarraidh an eagarthóireacht tiomsúcháin tosaigh a bheachtú ina leagan deiridh glasáilte de scannán. Is é is leagan glasáilte scannáin de scannán ná leagan den scannán ina bhfuil na cinntí eagarthóireachta uilig déanta agus tá siad anois i suíomh glasáilte. Ní bhronntar an ceart ar an leagan deiridh go huathoibríoch den chuid is mó de na Stiúrthóirí agus is é an Léiritheoir a mbeidh an ceart aige de ghnáth foirm deiridh scannán ar bith a cheadú.

